

POLASAÍ SCOIL RAIFFEIRÍ:

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

De réir Bunreacht Scoil Raifteirí, “Is é a Ghrásta Thuama pátrún na scoile. Is é príomhchuspóir na scoile oideachais a chur ar fáil trí Ghaeilge do pháistí bunscoile. Múinfeadh gach abhar ach amháin an Béarla go hiomlán trí Ghaeilge do ghach páiste a fhreastalóidh ar an scoil.....Glactar leis gur Caitlicigh iad formhór mór na bpáistí agus tógann an Bord Bainistíochta an dualgas orthu féin oideachas Caitliceach a chur ar fáil agus na daltaí sin a réiteach do na sacraimintí de réir thoil na dtuismitheoirí.”

Paidreacha:

1. Is cóir go mbeadh Billeog Paidreacha Gaeilge/Béarla 1 ag gach clann Naíonáin-6.
2. Is cóir go mbeadh Billeog Paidreacha Gaeilge/Béarla 2 ag ranganna 2-6.
3. Faoi stiúr na múinteoirí ranga mar gnáthchuid de clár ama an lae múinfeadh na paidreacha i nGaeilge ionas go mbeidh siad ar eolas ag gach páiste de ghlanmheabhair leis an síor-athrá.
4. Is féidir le na tuismitheoirí tabhairt faoi na paidreacha i mBéarla ionas go mbeidh siad ar eolas go dá-theangthach.

Ullmhúcháin do Sacraimintí/Freagraí/Paidreacha ag tosnú I Rang 1-6:

1. Freagraí an Aifrinn i nGaeilge.
2. Billeog Paidreacha 2.
3. Sacraimint na hAithrí.
4. Sacraimint an Chéad Chomaoineach.
5. Sacraimint an Chomhneartú.

Moltaí: Is cóir obair rialta/laethúil a eagrú sa chaoi go mbeadh freagraí an Aifrinn agus freastal ar na Sacraimintí ar eolas go han-mhaith i nGaeilge ag páistí Scoil Raifteirí. Moltar tosnú le na freagraí/paidreacha éascaí I Rang 1, agus cur leo de réir a chéile+athdhéanamh go Rang 6.

m.s. A Uain Dé,.....
Is naofa, naofa,.....
Go nglaca an Tiarna.....